

Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

NESSA NÍ SHÉAGHDHA



© Eastát Nessa Ní Shéaghdha, 2019
© An tEagrán Seo, Leabhar Breac, 2019
D'fhoilsigh Cumann na Scríbeann nGaedhilge eagrán scolártha in 1967
agus d'fhoilsigh Longman Brún agus Ó Nualláin eagrán scoile in 1971

ISBN 978 1 909907 86 7

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thairfeadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí
Dearadh clúdaigh bunaithe ar na hiomhánna *Der Kuss* agus *Lebensbaum* le Gustav Klimt
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan



Foras na Gaeilge
Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht do Leabhar Breac

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com

Clár

	RÉAMHRÁ	9
1.	Tochmharc Ghráinne	13
2.	An Deoch Suain	17
3.	Diarmaid faoi Gheasaibh	21
4.	An tÉalú	25
5.	An Tóraíocht	27
6.	Doire Dá Bhaoth	30
7.	Cabhair ó Aonghus	32
8.	Baoithléim Dhiarmada	34
9.	Fostú Mhuadháin	38
10.	Rí-Fhéinithe Mhara nIocht	42
11.	Cleasaíocht Dhiarmada	45
12.	Tuilleadh Cleasaíochta	47
13.	Sa tSiúl Arís	49
14.	Díothú na nAllúrach	52
15.	Imeacht Mhuadháin	55
16.	An Dias Anaithnid	57
17.	Caora Chaorthainn Dubhrois	60
18.	An Searbhán Lochlannach	63
19.	Conán Mac an Léith Luachra	65
20.	Cnuimh Chinn Chéin	68

21.	Éacht na Cnuimhe	72
22.	Éacht Chonáin	74
23.	Marú an tSearbháin Lochlannaigh	76
21.	Gliceas Fhinn	78
25.	Beart Fichille	82
26.	Marú Naoi nGarbh na Féine	83
27.	Imeacht Dhiarmada ón gCaorthann	86
28.	Síocháin	89
29.	An Dá Fhleá	91
30.	Torc Bhinne Gulban	93
31.	‘Is ded gheasaibh...’	94
32.	Marú an Toirc	98
33.	Do-Maiteachas Fhinn	100
34.	Bás Dhiarmada	104
35.	Corp Dhiarmada	106
36.	Díoltas	109
	AGUISÍN	113
	NÓTAÍ	136
	FOCLÓIR	171
	INNÉACS AINMNEACHA DÍLSE	189
	INNÉACS ÁITEANNA AGUS DAONRA	196

Réamhrá

B'fhéidir go raibh an Píarsach ag dul thar fóir beagán nuair a d'fhógair sé gurbh é *Tóraitocht Dhiarmada agus Ghráinne* an chéad úrscéal aigneolaíochta san Eoraip: 'In *Diarmuid agus Gráinne* we have the first patient and detailed analysis of the *mind* of a human being that was attempted in Europe since the days of Greek drama. Has it ever occurred to anyone that Gráinne is the prototype of Hedda Gabler?' (*An Claidheamb Soluis*, 26 Bealtaine 1906). Má bhí, is ar chúrsaí foirme seachas cúrsaí aigneolaíochta a bhí áibhéil á dhéanamh aige. Ní mhairfeadh an scéal seo i measc aos liteartha agus seanchais na Gaeilge, gan lucht an Bhéarla agus muintir na hEorpa a bhac, mura mbeadh fírinne éigin ann nár traochadh fós. Ach oiread le haon scothshaothar ealaíne eile, caitheann an *Tóraitocht* a sholas féin ar na cúinní dorcha i gcroí diamhair an duine. Ní móide go n-ídeofar a bhrí go mbeidh deireadh le suim an duine sa chroí daonna.

A bhuíochas do Nessa Ní Sheaghdha is dóibhsean go léir a chreid go gcuirfeadh an scéal é féin i bhfeidhm ar dhéagóirí ainneoinn aistíl na teanga, is i rang na hArdteistiméireachta a léas-sa an scéal den gcéad uair. Má bhí canúint na scéalaíochta crua in áiteanna, ní raibh sí aon phioc níos measa ná Béarla Shakespeare, Edmund Burke agus Henry James ar an gcúrsa céanna. Má bhí Éire na Gaeilge sa sean-scéal bunoscionn le hÉirinn an Bhéarla agus na Gaeilge lenár linn féin, ba oscailt súl agus aigne é sin dúinn, fairsingiú ar ár dtuiscint orainn féin is orthusan a chuaigh romhainn.

Taobh na heachtraíochta agus gaiscí Dhiarmada ba mhó a ghreamaigh mo shuim an uair sin. Bhí Ó Duibhne chomh maith le haon duine de na laochra sna leabhair Bhéarla a bhí á léamh agam lasmuigh den seomra ranga, chomh fearúil le laochra King Arthur, le fir ghunna Zane Grey, Oliver Strange agus JT Edson san Iarthar Fiáin. Má chuir barbarthacht agus cleasaíocht na laoch sa scéal Gaeilge míshuaimhneas orm in áiteanna, thuigeas an uair sin féin gur ghoire a chur síos ar an bhforéigean d'fhírinne bhorb an tsaoil, do chlós na scoile féin, ná dea-iompar agus dílseacht na bhfear i scéalta Shasana agus Mheiriceá.

Le himeacht na mbliain, ba mhó an tsuim a chuireas i bpearsa Ghráinne, banlaoch nach raibh ag teacht le múnla an bhaininn a bhí á chraobhscaoileadh i gcónaí ó altóir na heaglaise is an scáileáin araon. An misneach is an diongbháilteacht, an grá gan teora gan freasúra a thug sí dá rogha féin, bhí sé sin leis ag teacht níos fearr le fírinne an tsaoil mar ab eol dom féin é.

Ar imeall na críonnachta anois dom, táim níos báidhiúla le Fionn mac Cumhaill ná mar a bhíos roimhe seo, an fear a chaith seacht mbliana ag caoineadh a chéile, a ghéill do na fir óga a shocraigh cleamhnas dó, gur iompaigh a chlann féin air tréis dó an dara briseadh croí a agairt ar an mbeirt a náirigh é, an bhean a bhí geallta dó is an fear coimhdeachta aige féin, an té ba mhó a bhí in ainm is é a chosaint.

Breis agus daichead bliain ó shin, bhí sé á thuar ag Seán Ó Tuama 'gur dóichí go gcasfaidh filí agus lucht liteartha na Gaeilge amach anseo níos mó ar an seanteanga liteartha agus go mbainfidh siad leas nua comhachtach aisti' (*Aguisíní*, 55). Cuid thábhachtach den athghabháil teangan agus sibhialtachta is ea an tsraith leabhar atá curtha amach

le cúpla bliain anuas ag Leabhar Breac mar a bhfuil cóiriú calaíonta déanta ar chuid de bhuaicphointí an phróis sa seanlitríocht.

Ar nós na gcaor sin i mbarr an chaorthainn a shantaigh Gráinne, bhraithfeá tréis duit *An Tóraitocht* a léamh ná tiocfaidh an tseanaois ar an scéal seo go brách.

Louis de Paor
Ionad Léann na hÉireann
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

CAIBIDIL I
Tochmharc Ghráinne

Lá dár éirigh Fionn mac Cumhaill maidean mhoch i nAlmhain leathanmhóir Laighean, do shuidh amuigh ar an bhfaiche gan ghiolla gan óglach ina fhochair. Do lean días dá mhuintir é, Oisín mac Fhinn agus Diorraing mac Dobhair Dhámhaigh í Bhaoiscne. Do labhair Oisín agus is ea adúirt: 5

‘Créad é ábhar na moch-éirí seo ort, a Fhinn?’ ar sé.

‘Ní gan ábhar do rinneas an mhoch-éirí seo, a Oisín,’ ar Fionn, ‘óir atáim le bliain gan mhnaoi gan bhainchéile ó theastaigh Maghnais iníon Gharaidh Ghlúnduibh mhic Mhorna; óir ní gnáth suan ná sád hail dá dhéanamh don té theangmhas gan mhnaoi a dhiongbhála aige. Agus is é sin ábhar na moch-éirí seo, a Oisín,’ ar Fionn. 10

‘Créad do-bheir thusa mar sin?’ ar Oisín, ‘óir níl bean ná bainchéile in Éirinn iathghlais oileánaigh ina gcuirfeadh fear t’inmhe-se rinn a roisc nó a radhairc uirthi nach bhfaghadh sé í; agus fós níl iníon rí ná ró-fhlatha i gcríochaibh imchiana an domhain mhóir ina gcuirfeása féin, a Fhinn, rinn do roisc ná do radhairc uirthi nach tiubhraisne féin ar áis nó ar éigin chugat í.’ 15 20

Ansin do labhair Diorraing agus adúirt:

‘Do bhraithfinn féin do dhiongbháil de mhnaoi agus de bhainchéile dhuit, a Fhinn, dá mb’áil leat dul dá hiarraidh.’

25 ‘Cia hí féin?’ ar Fionn.

‘Gráinne iníon Chormaic mhic Airt mhic Cuinn Chéadchathaigh,’ ar Diorraing, ‘an bhean is fearr dealbh agus déanamh agus urlabhra de mhnáibh na cruinne go comhiomlán.’

30 ‘Dar do láimhse, a Dhiorraing,’ ar Fionn, ‘atá imreas agus easaontacht idir mé féin agus Cormac le cian d’aimsir agus ní miadh ná maise liom go dtiubhradh sé éara tochmhairc orm. Agus do b’fhearr liom go ndéanadh Oisín agus tusa, a Dhiorraing, dul d’iarraidh
35 cleamnais dom ar Chormac, óir do b’fhearr liom éara tochmhairc do thabhairt oraibhse ná orm féin.’

‘Rachaimidne ann,’ ar Oisín, ‘agus ná bíodh a fhios ag aon duine ar dturas go dtigeam tar ais arís.’

Do thiomnadar an dias dea-laoch san cead agus
40 ceileabhradh ag Fionn, agus ní haithristear a n-imeachta go rángadar go Teamhair. Tarla Rí Éireann i ndáil aonaigh agus oireachtais an lá san ar faiche na Teamhrach rompu agus fir Bhreagh agus Mhidhe agus Colamhna teanna na Teamhrach maraon leis ina thimpeall.

45 Do fearadh fáilte roimh Oisín agus roimh Dhiorraing, agus do chuir Rí Éireann an t-aonach ar athlá, óir ba dearbh leis gurb le toisc nó le turas

feadhmuil táinig an dias sin d'fhearaihb na Féine dá ionsaí. As a haithle sin do ghoir Oisín Rí Éireann do leataoibh an aonaigh agus d'inis dó gurb d'iarraidh 50 mná agus cleamhnais d'Fhionn tángadar féin. Do labhair Cormac agus is ea do ráidh:

‘Níl mac rí ná ró-fhlatha, curaidh ná cathmhíle i ndá chúige mhórgharga Mumhan nach tug m'inionsa éara tochmhairc orthu, agus is orm féin bhíos a 55 dhíomdha ag cách; agus ní thiubharsa fios scéala dhaoibhse nó go mbéarad sibh féin dá láthair, óir is fearr liom a scéala féin do bheith agaibhse ná sibhse do bheith díomuíoch díom.’

Do ghluaiseadar rompu iar sin go grianán na bantrachta, agus do shuidh Cormac ar cholbha na hiomdha ag Gráinne agus do labhair léi agus adúirt: 60

‘A Ghráinne,’ ar sé, ‘ag sin dias de mhuintir Fhinn mhic Cumhaill ag teacht dot iarraidhse mar mhnaoi dhó, agus créad an freagra do b'áil leat do thabhairt 65 orthu?’

D'fhreagair Gráinne agus adúirt:

‘Má tá do dhíolsa de chliamhain ansin tá mo dhíolsa d'fhear agus d'fhíorchéile ann.’

Do dáileadh fleadhá agus fuireaga an oíche sin dóibh agus do rinne Cormac ionad coinne coicís ón oíche sin le Fionn i dTeamhair. Do ghluais Oisín agus do ráinig go hAlmhain i gceann Fhinn agus na Féine agus d'inis a scéal ó thús go deireadh dhóibh; agus mar 70

- 75 théid caitheamh i ngach aon ní do chuaidh caitheamh san aimsir sin.

CAIBIDIL 2

An Deoch Suain

Do chuir Fionn tionól agus tiomsú ar sheacht gcathaibh na gnáth-Fhéine as gach aird a rabhadar an lá déanach den aimsir sin; agus ar rochtain dóibh go hAlmhain do ghluaisedar rompu ina ndrongaibh agus ina ndíormaibh, agus ní haithristear a n-imeachta 5 nó go rángadar go Teamhair. Agus tarla Cormac agus maithe agus móruaisle bhfear nÉireann ina thimpeall rompu ar an bhfaiche, agus d'fhearadar fíorchaoin fáilte roimh Fhionn agus roimh maithibh na Féine, agus do chuadar isteach as a haithle sin go Teach 10 meidhreach Míodhchuarta. Agus do shuidh Rí Éireann i ndáil óil agus aoibhneasa agus a bhean ar a ghualainn .i. Eithne iníon Aodáin Choirchidh, agus Gráinne iníon Chormaic ar a gualainn sin agus Fionn mac Cumhaill ar láimh dheis Rí Éireann agus Cairbre Lifeachair mac 15 Cormaic ar shlios an rí-thí chéanna agus Oisín mac Fhinn ar an slios eile, agus gach aon do réir a uaisle agus a athardha ina shuí ó shin amach i dTeach mheidhreach Mhíodhchuarta. Agus do shuidh draoi agus dea-dhuine ealaíon de mhuintir Fhinn mhic Cumhaill i 20

bhfianaise Ghráinne iníne Cormaic .i. Daighre Duanach mac Morna, agus d'éirigh caoineas comhráidh agus aighneas iomagallmha eatarthu. Do labhair Gráinne agus d'fhiafraigh:

25 'Créad é an toisc nó an turas fá dtáinig Fionn mac Cumhaill don bhaile seo anocht?' ar sí.

'Mura bhfuil a fhios san agatsa,' ar an draoi, 'ní hionadh gan a fhios agamsa.'

'Is maith liom a fhios d'fháil uaitse,' ar Gráinne.

30 'Más ea,' ar an draoi, 'is dot iarraidhse mar mhnaoi agus mar bhainchéile táinig Fionn don bhaile seo anocht.'

'Is mór an ionadh liom féin,' ar Gráinne, 'nach d'Oisín mac Fhinn iarras Fionn mise, óir ba córa a mhacasamhla do thabhairt domsa ná fear is foirfe ná mé féin.'

'Ná habairse sin,' ar an draoi, 'óir dá gcluineadh Fionn tusa dá rá sin ní bheadh sé féin leat, agus ní mó do laimheodh Oisín a bheith leat féin.'

40 'Inis dom anois,' ar Gráinne, 'cia hé siúd ar ghualainn dheis Oisín mhic Fhinn.'

'Tá ansin,' ar sé, 'Goll mear míleata mac Morna.'

'Cia hé siúd ar ghualainn Ghoill?' ar Gráinne.

'Oscar mac Oisín,' ar sé.

45 'Cia hé siúd ar ghualainn Oscair?' ar Gráinne.

'Caoilte mac Cronchair mhic Rónáin,' ar an draoi.

'Cia hé siúd ar ghualainn Chaoilte?' ar Gráinne.

‘Mac Lughach lámh-éachtach, mac iníne d’Fhionn mac Cumhaill siúd,’ ar an draoi.

‘Cia hé an fear baileach binnbhriathrach úd ar a bhfuil an folt cas ciardhubh agus an dá ghruaidh chorcra chomh-dhearga ar láimh chlí Oisín mhic Fhinn?’ ar Gráinne. 50

‘Diarmaid déadbhán dreachsholas ó Duibhne an fear úd,’ ar an draoi, ‘an t-aon leannán ban agus iníon is fearr atá in Éirinn go hiomlán.’ 55

‘Cia hé siúd ar ghualainn Dhiarmada í Dhuibhne?’ ar Gráinne.

‘Diorraing mac Dobhair Dhámhaigh í Bhaoiscne .i. draoi agus dea-dhuine ealaíon siúd,’ ar Daighre Duanach. 60

‘Maith an bhuíon sin,’ ar Gráinne.

Lena chois sin, do ghoir sí a cumhal choimhdeachta chuici agus adúirt léi an corn cloch-órga cumhdaigh do bhí insa ghrianán dá héis do thabhairt chuici. Tug an chumhal an corn léi iar sin, agus adúirt Gráinne léi: 65

‘Beir leat an corn so go Fionn agus abair leis deoch d’ól as agus inis dó gurb mise do chuir chuige é.’

Rug an chumhal an corn léi go Fionn agus d’ibh deoch as agus tug an corn do Chormac, agus do thit a thoirchim suain agus síorchodalta air féin. D’ibh Cormac deoch as an gcorn agus tug i láimh Eithne é, agus do thit an suan céanna ar Chormac. D’ibh Eithne deoch as agus tug an corn do Ghráinne, agus do thit a 70

75 toirchim suain agus síorchodalta uirthi féin. As a
haithle sin do ghoir Gráinne an chumhal chuici agus
adúirt léi:

‘Beir leat an corn so go Cairbre Lifeachair mac
Cormaic agus abair leis deoch d’ól as, agus tabhraidh
80 an corn dá éis sin do na macaibh rí úd ina fhochair.’

Rug an chumhal an corn léi go Cairbre agus d’ibh
deoch as, agus ní maith ráinig leis a thabhairt uaidh
don té ba neasa dhó, an uair do thit a thoirchim suain
agus síorchodalta air féin. Agus gach aon dá nglacadh i
85 ndiaidh a chéile an corn do thiteadh an ní céanna
orthu.